C/2024/5288

28.8.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11629 – Geogas / NYK / DIF / Marigold / FLS JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/5288)

1. An 21 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Nippon Yusen Kabushiki Kaisha ('NYK', an tSeapáin),

— Geogas Maritime SAS ar le Geogas Group é ('Geogas', an Fhrainc),

— DIF Management B.V. ('DIF', an Ísiltír) faoi urlámhas ag CVC Capital Partners ('CVC', Lucsamburg),

— Marigold ACP SARL ('Marigold', Lucsamburg) faoi urlámhas ag Access Capital Partners Group S.A. ('Access Capital Partners', an Fhrainc),

— France LNG Shipping SAS ('FLS JV', an Fhrainc).

Gheobhaidh NYK, Geogas, DIF agus Marigold urlámhas comhpháirteach ar FLS JV ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodha eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí Seapánach liostaithe é NYK a chuireann seirbhísí loingseoireachta agus lóistíochta ar fail agus a dhéanann speisialtóireacht ar iompar muirí idirnáisiúnta,

— Déanann Geogas speisialtóireacht ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar iompar gáis peitriliam leachtaithe,

— Bainisteoir cistí cothromais bonneagair is ea DIF, a bhfuil punanna éagsúlaithe á bhforbairt aige i dtionscadail san Eoraip, i gcríocha Mheiriceá agus san Astraláise. Tá DIF faoi urlámhas ag CVC, gnólacht comhairleach cothromais phríobháidigh agus infheistíochta; agus,

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é Marigold a chomhordaíonn gníomhaíochtaí na n-eintiteas uile ina bhfuil leas díreach nó indíreach aige. Tá sé faoi urlámhas ag Access Capital Partners, bainisteoir sócmhainní príobháideacha neamhspleách.

3. Is le FLS JV soithí GNL, agus déanann sé iad a mhaoiniú agus a bhainistiú ar bhonn tráchtála, bunaithe ar shocruithe fadtéarmacha maidir le cairtfhostú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11629 – Geogas / NYK / DIF / Marigold / FLS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË